Foilsiú cumarsáide maidir le leasú caighdeánach a formheas ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún.

(2022/C 31/11)

Foilsítear an chumarsáid seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ([1]) ón gCoimisiún.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

"Lacrima di Morro / Lacrima di Morro d'Alba"

PDO-IT-A0431-AM03

Dáta na teachtaireachta: 21 Deireadh Fómhair 2021

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA ATÁ LEIS

1. **Tásc éigeantach ar an mbliain inar táirgeadh na fíonchaora**

Tuairisc:

Airteagal 7 (Ainmniú agus cur i láthair) — An mhír dheiridh:

"Tá sé éigeantach go léireofaí sa lipéadú dá dtagraítear in Airteagal 1 an bhliain inar táirgeadh na fíonchaora, i gcás coimeádán a bhfuil toirt ainmniúil suas le 3 lítear iontu."

Cuirtear an méid a leanas isteach ina ionad:

"Ní mór bliain táirgthe na bhfíonchaor a léiriú ar lipéadú na bhfíonta dá dtagraítear in Airteagal 1."

Cúis:

Is feabhas é sin ar an bhfoclaíocht sa mhír dheiridh d'Airteagal 7 d'fhonn é a dhéanamh níos soiléire go gcaithfear an bhliain inar táirgeadh na fíonchaora a léiriú ar lipéid na gcineálacha fíonta go léir a chumhdaítear faoi Shonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint "Lacrima di Morro" nó "Lacrima di Morro d'Alba"(Dlí Uimh. 238 an 12 Nollaig 2016).

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. **Dúntáin buidéal**

Tuairisc:

Airteagal 8 (Pacáistiú) — An mhír dheiridh:

""Ní féidir fíonta 'Lacrima di Morro' Superiore, 'Lacrima di Morro d'Alba' Superiore, 'Lacrima di Morro' Passito ná 'Lacrima di Morro d'Alba' Passito a scaoileadh ach lena dtomhailt i mbuidéil ghloine nach mó ná 3.00 lítear a dtoilleadh. Toirmisctear scriúchlaibíní, dúntáin in-stróicthe agus caipíní a úsáid le haghaidh na gcineálacha sin fíona."

Cuirtear an méid a leanas isteach ina ionad:

""Ní féidir "Lacrima di Morro" Superiore, "Lacrima di Morro d'Alba" Superiore,"Lacrima di Morro' Passito ná 'Lacrima di Morro d'Alba' Passito a scaoileadh ach lena dtomhailt i mbuidéil ghloine a bhfuil a dtoilleadh suas le 3.00 lítear. Maidir leis na cineálacha sin fíona, tá cosc ar dhúntáin in-stróicthe agus caipíní a úsáid."

Cúis:

Cuireann an leasú deireadh leis an gcosc ar úsáid scriúchlaibíní. Mar sin féin, níor cheart é sin a fhorléiriú mar "leathnú" ar na rialacha lena rialaítear STFC, ach mar "oiriúnú" ar STFC "Lacrima di Morro" nó "Lacrima di Morro d'Alba" do riachtanais an mhargaidh.

Leasaíodh Airteagal 8 den tsonraíocht.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. **Comhlacht cigireachta — nuashonrú ar an seoladh**

Tuairisc:

Nuashonrú ar sheoladh oifig chláraithe an chomhlachta cigireachta

Cúis:

Leasú eagarthóireachta amháin é sin chun oifig chláraithe nua an chomhlachta cigireachta (Valoritalia S.r.l.) a chur in iúl.

Leasaíodh Airteagal 10 den tsonraíocht táirge.

Leasaíodh an doiciméad aonair mar a leanas: Roinn 2. SONRAÍ TEAGMHÁLA - Foroinn 2.5. Sonraí an chomhlachta cigireachta

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Lacrima di Morro

Lacrima di Morro d'Alba

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

4. **TUAIRISC AR AN BHFÍON NÓ AR NA FÍONTA:**

1. *"Lacrima di Morro" nó "Lacrima di Morro d'Alba"*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath dearg an rúibín atá ar fhíonta STFC "Lacrima di Morro" agus "Lacrima di Morro d'Alba", le boladh pléisiúrtha agus láidir agus blas sainiúil, mín agus taitneamhach orthu. Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11.00 %. Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20.0 g/l. Comhlíonann aon pharaiméadair anailíseacha nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4.50 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *"Lacrima di Morro" Superiore' agus "Lacrima di Morro d'Alba" Superiore*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath dearg an rúibín atá ar fhíonta STFC "Lacrima di Morro" agus "Lacrima di Morro d'Alba", le boladh pléisiúrtha agus láidir agus blas sainiúil, mín agus taitneamhach orthu.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12.00 %.

Aigéadacht íosta iomlán: 4.5 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22.0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadair anailíseacha nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4.50 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair uasta iomlán (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *"Lacrima di Morro" Passito agus "Lacrima di Morro d'Alba" Passito*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dathanna éagsúla deirg atá ar fhíonta STFC "Lacrima di Morro" Passito agus "Lacrima di Morro d'Alba" Passito, uaireanta bíonn dath an ghairnéid orthu, agus tá boladh sainiúil, láidir orthu agus blas comhchuí, mín orthu.

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 15.00 %; arb ionann é agus 13.00 % iarbhír ar a laghad.

Aigéadacht íosta iomlán: 4.0 g/l.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25.0 g/l.

Comhlíonann aon pharaiméadair anailíseacha nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (de réir % toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir % toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	4.0 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	25
Dé-ocsaíd sulfair uasta iomlán (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

—

Toradh uasta:

1. "Lacrima di Morro" agus "Lacrima di Morro d'Alba"

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. "Lacrima di Morro" Superiore agus "Lacrima di Morro d'Alba" Superiore

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. "Lacrima di Morro" Passito agus "Lacrima di Morro d'Alba" Passito

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar táirgthe do na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta STFC "Lacrima di Morro" agus "Lacrima di Morro d'Alba" a tháirgeadh suite i gcúige Ancona. Cuimsítear ann críoch iomlán bhardais Morro d'Alba, Monte S.Vito, S. Marcello, Belvedere Ostrense, Ostra agus Senigallia, cé is moite d'urláir na ngleannta agus do leicne cnoic os cionn na farraige i mbardas Senigallia, atá suite idir an cósta agus an mótarbhealach.

7. **Príomhchineál(acha) fíonchaor**

Lacrima N.

8. **Tuairisc ar an nasc, ar na naisc**

"Lacrima di Morro" agus "Lacrima di Morro d'Alba"

Tá seanstair fíonsaothrúcháin ag baint le limistéar táirgeachta fíonta STFC "Lacrima di Morro" agus "Lacrima di Morro d'Alba", mar is léir ó go leor cáipéisí luatha agus fionnachtana seandálaíochta. Tá tuairiscí ar chineálacha fíniúna Lacrima le fáil i dtaifid scríofa éagsúla ón 18ú haois. Bhí príomhról ag an ngné dhaonna maidir le rogha na fíniúna a fhástar agus an chaoi ar tháinig forbairt ar na modhanna talmhaíochta agus fíonóireachta. Tá na tréithe orgánaileipteacha an-sainiúla agus uathúla a bhaineann le fíonta STFC "Lacrima di Morro" agus "Lacrima di Morro d'Alba" mar thoradh ar an idirghníomhú idir na gnéithe daonna sin agus na gnéithe dúchasacha nádúrtha sa cheantar.

9. **Dálaí breise riachtánacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

An bhliain inar táirgeadh na fíonchaora

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht AE

Cineál dála breise:

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Tá sé éigeantach go léirítear an bhliain inar táirgeadh na fíonchaora sa lipéadú ar fhíonta "Lacrima di Morro", "Lacrima di Morro d'Alba", "Lacrima di Morro" Superiore, "Lacrima di Morro d'Alba" Superiore, "Lacrima di Morro" Passito agus "Lacrima di Morro d'Alba" Passito.

Pacáistiú, buidéalú agus cosc ar chórais áirithe dúntán

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht AE

Cineál dála breise:

Forálacha breise maidir le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar an cineál fíona "Lacrima di Morro" ná "Lacrima di Morro d'Alba" dá dtagraítear in Airteagal 1 a scaoileadh lena thomhailt ach amháin i mbuidéil ghloine ina bhfuil toilleadh nach mó ná 5 lítear, agus iontu sin amháin.

Ní fhéadfar fíonta "Lacrima di Morro" Superiore, "Lacrima di Morro d'Alba" Superiore, "Lacrima di Morro" Passito ná "Lacrima di Morro d'Alba" Passito a scaoileadh lena dtomhailt ach amháin i mbuidéil ghloine ina bhfuil toilleadh nach mó ná 3 lítear, agus iontu sin amháin. Maidir leis na cineálacha sin fíona, tá cosc ar dhúntáin in-stróicthe agus caipíní a úsáid.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/17456